C/2023/1269

29.11.2023

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11303 – AGI / BNPPF / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/1269)

1. An 22 Samhain 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— AG Insurance NV/SA ("AGI", an Bheilg), arna rialú ag Ageas (an Bheilg),

— BNP Paribas Fortis NV/SA ("BNPPF", an Bheilg), arna rialú ag BNP Paribas Group (an Fhrainc).

Gheobhaidh AGI agus BNPPF comhrialú ar chomhfhiontar nuachruthaithe de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Cuideachta árachais ilchainéil a oibríonn sa Bheilg is ea AGI. Pléann an chuideachta le hárachas saoil agus le hárachas neamhshaoil (árachas feithiclí, dóiteáin, ospidéil, dliteanais shibhialta, agus mar sin de) agus le pinsin fhorlíontacha,

— Soláthraíonn BNPPF seirbhísí airgeadais do dhaoine aonair, daoine féinfhostaithe, gairmithe, fiontair bheaga agus mheánmhéide, corparáidí agus eagraíochtaí poiblí sa Bheilg.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an gcomhfhiontar:

— Faoin JV, cruthófar ardán soghluaisteachta digití i bhfoirm margadh feithiclí úsáidte ina gcuirfidh díoltóirí tríú páirtí (díoltóirí gluaisteán, cuideachtaí léasaithe, etc.) feithiclí úsáidte ar fáil do chustaiméirí aonair (díolacháin 'gnólacht le tomhaltóir').

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11303 – AGI / BNPPF / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË